

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC

Gaelscoil Uí Drisceoil
Gleann Maighir, Co. Chorcaí
Uimhir rolla: 20239A

Dáta na cigireachta: 13 Bealtaine 2011



AN ROINN DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS EDUCATION
AGUS SCILEANNA AND SKILLS

1. Réamhrá

Is gaelscoil uilechreideamhach í, Gaelscoil Uí Drisceoil, faoi phátrúnacht An Foras Pátrúnachta. Bunaíodh an scoil in 2006 le hoide amháin agus seachtar ndalta déag agus lonnaíodh í i bhfoirgneamh chlub rugbaí i Ráth Chuanaigh. Le linn na meastóireachta, bhí 161 daltaí ar na rollaí faoi chúram d'fhoireann buan de naonúr oide. Le linn an tréimhse fáis seo, d'oibrigh an bord, an bhainistíocht inscoile agus foireann na scoile go han dian chun ionad buan a aimsiú don scoil. An toradh ná ó Mheán Fómhair 2011, beidh an scoil i bhfoirgneamh sonrúil buan le go leor spáis d'fhorbairt sa todhchaí. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- D'oibrigh an bord, an bhainistíocht inscoile agus foireann na scoile go han dian chun ionad buan a aimsiú don scoil.
- Cabhraíonn saineolas na mball aonar den bhord go mór le cur chun cinn obair na scoile.
- Tá príomhoide ar ardchumas ag an scoil a ghnóthaíonn ar son na scoile gan stad gan staonadh.
- Cabhraíonn na tuismitheoirí go mór le gníomhaíochtaí scoile.
- Baintear caighdeán arda amach sa Ghaeilge.
- Léiríonn torthaí na dtrialacha caighdeánaithe sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic go bhfuil ard-caighdeán bainte amach ag na daltaí.
- Tá eagar an-mhaith ar an múinteoireacht do dhaltaí le fadhbanna foghlama.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar don bhord nua polasaithe a chur le chéile maidir le hionduchtú oidí, riaradh cruinnithe agus cabhrú le tuismitheoirí Gaeilge a fhoghlaim.
- Moltar guth na dtuismitheoirí sa phróiseas pleanála uile scoile a chinntiú.
- Moltar go roinnfí torthaí na dtrialacha caighdeánaithe leis an mbord go bliantúil.
- Moltar socrú a dhéanamh maidir le teanga na Matamaitice a chlárú sa phlean scoile.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Is cúis mhór áthais í don bhord go mbeidh foirgneamh buan ag an scoil. I rith thréimhse ceannais an bhoird seo, chabhraigh saineolas na mball aonar go mór le cur chun cinn obair na scoile. Chabhraigh baill an bhoird go mór le suíomh idirlín an-ghairmiúil a fhorbairt agus tugadh comhairle phroifisiúnta an-luachmhar chun córas chláracha idirghníomhacha don scoil nua a sholáthar. Buailéann an cathaoirleach leis an bpríomhoide uair sa mhí agus cuirtear tuairiscí airgid ar fáil ag gach cruinniú. Eagraítear iniúchadh seachtrach ar na cuntais den bhord. Moltar na dea chleachtais seo. Leanfaidh an scoil ag fás agus sa chomhthéacs sin, b'fhiú go mór don bhord nua polasaithe a chur le chéile maidir le hionduchtú oidí, riaradh cruinnithe, polasaí teanga agus cabhair do thuismitheoirí Gaeilge a fhoghlaim san áireamh.
- Tá príomhoide ar ardchumas ag an scoil a ghnóthaíonn ar son na scoile gan stad gan staonadh. Mar an chéad mhúinteoir sa scoil leag sí bunchloch na gcaighdeán ard oideachais atá bainte amach. Chabhraigh sí go mór le polasaithe a chur le chéile don scoil agus rinne sí éacht san idirbheartaíocht chun foirgneamh buan sonrúil a chur ar fáil don scoil. Tá cabhair an-ghairmiúil le fáil ag an bpríomhoide ón leas-phríomhoide agus ón oide le dualgaisí speisialta. Comhlíonann siad a gcuid dualgais go coinsiasach éifeachtúil. Tá cúram acu i gcúrsaí churaclaim agus riaracháin. Cuirtear béim faoi Leith ar chúram na ndaltaí. Tionóltar cruinnithe den bhainistíocht inscoile go fairmeálta uair sa téarma agus níos minicí nuair is gá go neamhfhoirmiúil. Moltar tuairisc bhliantúil a scríobh ar ghnó na foirne bainistíochta agus í a chur os comhair an bhoird.
- Cabhraíonn na tuismitheoirí go mór le gníomhaíochtaí scoile. Tá béim faoi leith sa scoil ar an gCeol agus tá banna ceoil tosaithe sa scoil i mbliana. Chomh maith le sin, tá béim sa scoil ar an drámaíocht agus i mbliana chabhraigh na tuismitheoirí go mór le ceolchoirm speisialta a eagrú in amharchlann Everyman i gcathair Chorcaí. Tá cumarsáid an-mhaith idir an scoil agus na tuismitheoirí agus cabhraíonn an suíomh idirlín go mór le seo. Foilsítear nuacht na scoile ar an suíomh chomh maith le polasaithe. Tá sé i gceist chomh maith, go láidreofar ionchur na dtuismitheoirí in achair dhifriúla den churaclam sa scoil nua.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá na pleananna cuí maidir le riaradh na scoile curtha le chéile ag an bhfoireann agus faofa ag an mbord. I gcomhthéacs na scoile nua, moltar anois go gcinnteofaí ról agus guth na dtuismitheoirí sa phróiseas pleanála uile scoile. Is mór an cabhair iad na pleananna curaclaim chun obair na n-oidí a stiúru agus tá plean cuimsitheach don tacaíocht foghlama agus don oideachais speisialta leagtha amach ag an foireann na scoile. Moltar anois, chun próiseas na féinmheastóireachta a chur chun cinn, go ndíreodh na hoidí ar phleanáil gnímh maidir leis na pleananna curaclaim, ach go háirithe.
- Tá pleananna an-chabhracha fadtearmacha ag na hoidí le liostaí de scéalta, de rainn, d'amhráin agus d'ábhair múinteoireachta. Tá raon leathan d'acmhainní luaite sna pleananna agus tá raon suimiúil de mhodhanna múinteoireachta le feiceáil sa phleanáil fadtearmach agus gearrthréimhseach. Moltar é seo.

- Thug údaráis na scoile fianaise go bhfuil, de réir Imlitir Bunscoile 0061/2006, glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Treoirlínte do Bhunscoileanna um Chaomhnú Daltaí*. Tugadh fianaise freisin gur díriodh aire na bainistíochta, na foirne scoile agus na dtuismitheoirí ar na nósanna imeachta seo um chaomhnú daltaí; gur soláthraíodh cóip de na nósanna imeachta do bhail uile na foirne (na bail nua uile san áireamh); agus go bhfuil deimhin déanta de ag an mbainistíocht go dtuigeann an fhoireann ar fad na nósanna imeachta atá le leanúint. Tá duine ainmnithe idirchaidrimh agus ionadaí idirchaidrimh ceaptha faoi mar a éilíonn na treoirlínte.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Múintear an Ghaeilge go cumasach taitneamhach sa scoil agus baintear caighdeán arda gnóthachtála amach. Sna bunranganna, léiríodh samplaí maithe de mhúinteoireacht dhíreach le hathrá agus slua-aithris san áireamh. Cuirtear an teanga múinte i bhfeidhm le hobair beirte ghníomhach. Tá an-dul chun cinn á dheanamh sa léitheoireacht agus baineann na hoidí úsáid chruthaitheach as Séideán Sí. Baintear dea-úsáid as fearas léiriúcháin, as fearas corportha agus as teicneolaíocht na fáisnéise agus cumarsáide (TFC) chun ceachtanna suimiúla a mhúineadh. Cabhraíonn an t-oide tacaíochta le múineadh na léitheoireachta sna hardranganna agus baintear dea-úsáid as úrscéalta. Léiríodh caighdeán an-mhaith sa scríbhneoireacht leanúnach tríd an scoil. Múintear amhránaíocht go han siliúil agus tá raon leathan de rainn agus de dhánta Gaeilge ar eolas ag na daltaí.
- The results of standardised testing in English demonstrate high average levels of attainment by pupils. The major challenge for the board and staff in the years ahead will be to maintain these levels of achievement as the school grows. In this regard, the results of standardised testing should be shared with the board on an annual basis. Reading development is established firmly in the junior classes with the emphasis on phonics and word games. Examples of very good English teaching were observed throughout the school, including very well organised station teaching in the junior classes. In the new school, this work could be extended further with parental input. Very good group reading practice is a feature of English teaching in the middle and senior classes and it was noted that one multi-class was working on three novels. Writing activities are linked imaginatively and beneficially to pupils' reading of the class novels. The pupils learn poetry and recite poems with commendable skill as an activity between lessons.
- *Léiríonn torthaí na dtrialacha caighdeánaithe sa Bhéarla go bhfuil ard-caighdeán bainte amach ag na daltaí. An dúshlán is mó anois don bhord agus don fhoireann ná na caighdeáin arda úd a choimeád agus an scoil ag fás. Maidir le seo moltar go roinnfí torthaí na dtrialacha caighdeánaithe leis an mbord go bliantúil. Leagtar bunchloch do fhorbairt na léitheoireachta go daingean sna bunranganna leis an mbéim ar shaothar foghrach agus ar chluichí focal. Nótaíodh samplaí de mhúinteoireacht an-mhaith sa Bhéarla tríd an scoil agus obair i ngrúpaí dea-eagraithe sna bunranganna san áireamh. Sa scoil nua d'fhéadfaí an cur chuige seo a leathnú le cabhair ó thuismitheoirí. Cleachtaítear an léitheoireacht i ngrúpaí sna meánranganna agus sna hardranganna agus tugadh faoi deara go raibh rang-ghrúpa amháin ag obair ar thrí úrscéal ranga ag an am céanna. Is cleachtas den scoth é seo. Nasctar gníomhaíochtaí scríbhneoireachta*

go cruthaitheach torthúil leis an léitheoireacht. Foghlaimíonn agus aithrisíonn na daltaí dánta le scil inmholta, go háirithe mar ghníomh idir-cheachta.

- Éiríonn go sár-mhaith leis na daltaí i bhfoghlaim na Matamaitice agus tá máistreacht dá réir acu ar na bunphróisis. Baintear úsáid thorthúil as ghrúpobair agus as obair bheirte. Le linn an MSU, bhí na páistí gnóthach sna ceachtanna agus úsáideadh ábhar coincreíteach in an-chuid rangsheomraí. Moltar an dea-chleachtas seo a chur i bhfeidhm go córasach i ngach rang. Leagtar béim chuí ar réiteach fadhbanna agus pléitear ábhar na foghlama go ceardúil. Cuirtear in oiriúint é d'eispéireas na ndaltaí chun tuiscint a chothú. Ar an iomlán, cláraítear obair na ndaltaí go hordúil sna cóipleabhair agus moltar córas cláraithe a bhunú ar bhonn scoile uile. Moltar chomh maith socrú maidir le teanga na Matamaitice a chlárú sa phlean scoile.
- Déantar an clár san OSPS a chomhtháthú go torthúil leis an gclár uilechreideamhach a mhúinteas go laethúil. Cuirtear clár leathan ar fáil chun na daltaí a chur ar an eolas faoi: féinmheas, sábháilteacht, saoránachas agus cairdeas. Pléitear cúrsaí bulaíochta go minic leis agus úsáidtear straitéisí tairbheacha ar nós am ciorclach, ról-imirt agus scéalaíocht go sciliúil le linn na foghlama. Tugtar deis bhuntáisteach do gach dalta páirt a ghlacadh sa cheolchoirm bliantúil, rud a chuireann go mór le spiorad na scoile.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Tá eagar an-mhaith ar an múinteoireacht do dhaltaí le fadhbanna foghlama. Baintear dea-úsáid as cláracha speisialta, as tacaíocht inranga agus as tacaíocht aonair nó tacaíocht i ngrúpaí. I mbliana, chuir an scoil clár nua i bhfeidhm, *Fast Forward*. Is clár speisialta é seo bunaithe ar an teicneolaíocht eolais dírithe ar dhaltaí le deacrachtaí léitheoireachta. Deintear monatóireacht chúramach ar an dul chun cinn. Cabhraíonn na hoidí tacaíochta agus acmhainne le grúpobair léitheoireachta sa Bhéarla agus le hobair luath idirghábhála sna naoináin agus sna bunranganna. Tugtar tacaíocht don Mhatamaitic agus do léitheoireacht na Gaeilge chomh maith. Tá caighdeán ard ag baint leis an mhúinteoireacht, go háirithe leis an obair a dheintear le daltaí aonair agus le grúpaí don Mhatamaitic. Tá oide chun an cúrsa sa tacaíocht foghlama a dhéanamh an bhliain seo chugainn agus moltar don bhord leanúint le hinfheistiú fearais agus oiliúna san obair seo.

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Ba mhian le Bord Bainistíochta Gaelscoil Uí Drisceoil buíochas ó chroí a ghabháil le cigirí na Roinne as an gcuirtéis a léiríodar do phobail uile na scoile agus as an slí gairmiúil a thugadar faoin mheastóireacht uile scoile. Tá an Bord Bainistíochta thar a bheith sásta gur tugadh aitheantas do shár-obair na foirne sa tuairisc seo agus gur aithníodh príomh láidreachtaí na scoile.

- Atmaisféar na scoile agus an ról atá ag gach duine i gcruthú an atmaisféar sin
- Ard-chaighdeán na múinteoireachta agus foghlama sa scoil
- Bród agus mórtas na bpáistí as a gcuid oibre agus foghlama

Tréaslaíonn an Bord Bainistíochta leis an bhfoireann ar fad, agus gabhann siad buíochas leis na tuismitheoirí agus leis na coistí éagsúla don obair a dhéanann siad agus don tacaíocht a thugann siad don scoil.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

Tá polasaí á chur le chéile maidir le hionductú oidí, riaradh cruinnithe.

Reachtálar ranganna chun cabhrú le tuismitheoirí Gaeilge a fhoghlaim.

Cinntear go mbeidh guth na dtuismitheoirí san áireamh sa phróiseas pleanála uile scoile.

Roinnfear torthaí na dtrialacha caighdeánaithe leis an mbord go bliantúil.

Déanfar teanga na Matamaitice a chlárú sa phlean scoile.